



An Bhruiséil, 30 Samhain 2018
(OR. en)

14448/18

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0364(COD)

2016/0360(COD)

2016/0361(COD)

2016/0362(COD)

EF 296
ECOFIN 1078
DRS 52
CCG 39
CODEC 2050

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	An Pacáiste Baincéireachta (CRR/CRD/BRRD/SRMR) - Formhuiniú ginearálta thorthaí an chruinnithe thríthaobhaigh

I. RÉAMHRÁ

1. Thíolaic an Coimisiún an Pacáiste Baincéireachta i mí na Samhna 2016 chun, *inter alia*, na hathchóirithe a comhaontaíodh ar an leibhéal idirnáisiúnta i ndiaidh ghéarchéim airgeadais 2007-08 a chur chun feidhme. Áirítear sa phacáiste na caighdeáin stuamachta a ghlac Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB). Is é is príomhchuspóir leis an bPacáiste Baincéireacht riosca i dtionscal baincéireachta an Aontais a laghdú.
2. Dhá rialachán agus dhá threoir atá sa Phacáiste Baincéireachta:
 - a) ceanglais chaipitil agus leachtacha do na bainc (leasuithe ar Rialacháin 575/2013 ("CRR") agus Treoir 2013/36/AE ("CRD"));
 - b) téarnamh agus réiteach na mbanc (leasuithe ar Threoir 2014/59/AE ("BRRD") agus ar Rialachán 806/2014 ("SRMR").

3. Ar an 25 Bealtaine 2018, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú chun dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Dheimhnigh Parlaimint na hEorpa a seasamh faoin bPacáiste Baincéireacht ag seisiún iomlánach mhí an Mheithimh 2018. Ó shin i leith, tionóladh 13 chruinniú thríthaobhacha (seacht gcinn maidir le CRR/CRD agus sé cinn maidir le BRRD/SRMR).
4. Ag na cruinnithe tríthaobhacha ar an 21 agus an 22 Samhain, tháinig Uachtaránacht na hOstaire agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú "ad referendum" chun roinnt príomhshaincheistanna a shocrú, gan dochar do bhailchríoch theicniúil an téacs dlí ina iomláine ag céim níos déanaí.
5. Ar an 30 Samhain, tháinig COREPER le chéile le hullmhú do Chomhairle ECOFIN ar an 4 Nollaig.
6. Céim mhór chun tosaigh, sa phróiseas chun an riosca i dtionscal baincéireachta an Aontais a laghdú, a bheadh ann dá dtiocfaí ar chomhaontú ar na príomhshaincheistanna maidir leis an bpacáiste baincéireachta. Réamhchoinníoll is ea laghdú riosca, dá réir, chun bearta breise a dhéanamh ó thaobh comhroinnt riosca i dtionscadal baincéireachta an Aontais de réir na gConclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2016.
7. I mí na Nollag 2018, tá an Chomhairle Eorpach le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo i ndáil le riosca a laghdú i dtionscal baincéireachta an Aontais agus d'fhéadfadh sí cinneadh a dhéanamh i dtaca le céimeanna sonracha a bheidh le glacadh maidir le cur chun feidhme luath an chúlstop donn Sásra Cobhsaíochta Eorpach go sonrach.

II. AN TORADH A BHÍ AR CHRUIINNITHE TRÍTHAOBHACHA AR 21 AGUS 22 SAMHAIN: NA PRÍOMHSAINCHEISTEANNA

8. De thoradh na gcruinnithe tríthaobhachtach ar an 21 agus an 22 Samhain, tháinig an Uachtaránacht ar chomhaontú "ad referendum" le Parlaimint na hEorpa chun na príomhcheistanna seo a leanas a shocrú maidir leis an bpacáiste a leagtar amach thíos:
 - a) **Calabhrú MREL agus tagarmharc fo-ordúcháin:** ghlac Parlaimint na hEorpa le cur chuige ginearálta na Comhairle ar choinníoll:

- i. faoi réir measúnú de chuid an údaráis comhréitigh, i gcás na mBanc Ardleibhéil, cuirfear méadrach na neamhchosanta iomláine ar riosca (TREA) chun feidhme nuair a chomhlíontar critéir áirithe agus an riosca go dtarlódh tionchar díréireach ar shamhlacha gnó á chur san áireamh, gan dul faoi bhun 27% TREA, i gcás go bhfuil ceanglas fo-ordaithe níos airde ná 27% TREA de chuid cholún 1 mar thoradh ar 8% de na dliteanais iomlána agus de chistí dílse; bheadh a leithéid de shrian ar cheangal Cholún 1 ag 27% TREA, faoi réir measúnú de chuid an údaráis comhréitigh, gan dochar don fhéidearthacht go mbeadh fo-ordú breise mar cheangal trí Cholún 2;
 - ii. déanfar na coinníollacha a athordú lenar féidir leis na húdaráis réitigh fo-ordúcháin cholún 2 a cheangal, tríd an gcéad choinníoll maidir leis an 20% d'institiúidí is mó riosca a chur go deireadh an liosta;
 - iii. faoi chuimsiú an liúntais fiachais shinsearaigh "féadfaidh an t-údarás réitigh dliteanais incháilithe a cheadú".
- b) Moratóir:** ghlac Parlaimint na hEorpa leis an gcur chuige ón gComhairle chun tréimhsí fanachta a dhícheadú. Ghlac an Chomhairle le réamhchoinníollacha breise chun *moratorium* a fhorchur.
- c) Uasmhéideanna indáilte (MDA):** ghlac Parlaimint na hEorpa le cur chuige ginearálta na Comhairle, ar choinníoll:
- i. Maidir le BRRD (MDAnna a bhaineann le MREL) coimeádtar cur chuige an Comhairle, an tsolúbthacht san áireamh (gan aon uathoibríocht), seachas an tréimhse chairde a fhadaítear ó shé mhí go naoi mí.
 - ii. I dtaca le CRR, coimeádtar cur chuige na Comhairle freisin maidir le MDAnna rioscabhunaithe agus gearáil-bhunaithe.

- d) **Leasuithe SFD (Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta):** ghlac Parlaimint na hEorpa cur chuige ginearálta na Comhairle. Cuirtear clásal athbhreithnithe leis, ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar aon bhearna arb ann dóibh atá le deisiú 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm BRRD.
- e) **Dócmhainneacht:** Ghlac an Chomhairle leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa. Na hinstiúidí sin atá i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh, nach bhfuil faoi réir réitigh, déanfar iad a fhoirceannadh go hordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. In Airt. 48(6a) déanfar an t-ordlathas dócmhainneachta a chomhchuihbhiú.
- f) **Miondíol:** ghlac an Chomhairle leis an aidhm atá ag Parlaimint na hEorpa coimircí a thabhairt isteach chun go bhféadfaidh infheisteoirí miondíola ionstraimí TLAC/MREL fo-ordaithe nua-eisithe a shuibscríobh ar an mbealach seo a leanas:
- i. Bheadh de rogha ag na Ballstáit an méid seo a leanas a éileamh:
 - Rogha A: ní fhéadfaidh infheisteoirí miondíola ag a bhfuil cumas infheistíochta faoi EUR 500,000 ach íosmhéid tosaigh 10,000 EUR a infheistiú sna hionstraimí sin nach bhfuil níos mó ná 10% dá gcumas infheistíochta i gceist leo; nó
 - Rogha B: méid ainmniúil íosta coibhéiseach EUR 50,000
 - ii. féadfar ceadú do na Ballstáit níos lú, ag a bhfuil margadh leachtach níos lú i gcomhair na n-ionstraimí fo-ordaithe, íosmhéid infheistíochta tosaigh níos ísle a chur chun feidhme (síos chuig EUR 10,000).

- g) **Baile-Óstach agus Scór G-SII:** ghlac Parlaimint na hEorpa cur chuige ginearálta na Comhairle maidir le gach foráil a bhaineann le baile-óstach (lena n-áirítear scór G-SII).
- h) **Riosca Creidmheasa:** ghlac an Uachtaránacht le leasuithe spriocdhírithe áirithe ar na ceanglais riosca creidmheasa maidir le "diúscairtí ollmhóra" agus le pinsin agus iasachtaí de bhun tuarastail.

I dtaca leis na diúscairtí ollmhóra, leis na forálacha nua chuideofaí leis na bainc ag a bhfuil leibhéal ard iasachtaí neamhthuillmheacha (NPLanna) iad a dhiúscairt agus nach mbeadh ach tionchar an-teoranta ar a gcuid riachtanas caipitil, faoi réir ceanglais áirithe agus laistigh de chreat ama réamhshocraithe. D'fhágfadh sé sin gurbh fhusa do na bainc farasbarr socmhainní bearnaithe a bhaint dá gcuid clár comhordaithe gan cur isteach ar a n-acmhainn iasachtaithe gan chúis.

Maidir le pinsin agus iasachtaí de bhun tuarastail, comhaontaíodh foráil a dhéanamh do riachtanais chaipitil i gcás na n-iasachtaí sin agus riosca íosmhainneachtana a chur san áireamh. Go sonrach, thitfeadh an muirear caipitil maidir leis na hiasachtaí sin ó 75% (de réir mar atá CRR faoi láthair) go 35% faoin gcur chuige caighdeánaithe, ach gur tháinig an Uachtaránacht ar chomhaontú maidir le roinnt coimircí agus maolaitheoirí riosca ar chúiseanna stuamachta.

- i) **Comhréireacht:** tá an dá chomhrechtóir ar aon tuairim gur cheart go mbeadh na ceanglais stuamachta i gcomhréir le méid na n-institiúidí agus, go háirithe, gur cheart an t-ualach oibre atá ar na h-institiúidí níos lú a laghdú a mhéid is féidir. Chuige sin, d'fhorálfaí do shainmhíniú sainráite ar "institiúidí beaga neamhchasta" lena ngabhann ceanglais laghdaithe maidir le tuairisciú agus le nochtadh le gur féidir na costais chomhlíonta orthu a laghdú.

Ó thaobh tuairisciú rialála go mór mór, thabharfaí sainordú do ÚBE caighdeáin spriocdhírthe a fhorbairt d'institiúidí beaga neamhchasta agus é mar chuspóir acu a gcostais tuairiscithe a laghdú 10 % ar a laghad agus suas le 20 % go hidéalach. Ina theannta sin, bheadh staidéar á dhéanamh ag ÚBE ar a indéanta a bheadh sé córas comhtháite um thuairisciú a bheith ann do na bainc go léir, córas ar a bhféadfaí tuilleadh forbairtí a dhéanamh dá mbeadh torthaí dearfacha ar an staidéar.

j) An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (NSFR): ós rud é gur bunchloch athchóirithe Choiste Basel dá dtagraítear thuas é NSFR, tá an dá chomhreachtóir ar aon intinn ar an mórgóir faoi ábhar an cheanglais nua seo. Mar sin féin, mholfadh an Uachtaránacht leasuithe spriocdhírthe áirithe a mhol Parlaimint na hEorpa a chur san áireamh chun míshocracht sa mhargadh a sheachaint. Go sonrach, baineann na leasuithe sin le calabrú "an chistiúcháin chobhsaí cheangailtaigh" mar a thugtar air i gcás idirbhearta margaidh áirithe (creidmheas trádála, fachtóireacht, idirbhearta athcheannaigh, agus idirbhearta athcheannaigh droim ar ais). Thabharfaí sainordú do ÚBE tuarascálacha a ullmhú faoi shealbhú urrús maidir le fálú díorthach agus leachtacht miotal lómhar chun críocha NSFR, chomh maith le comhsheasmhacht le tograí eile ó Pharlaimint na hEorpa.

k) Cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí simplithe (sNSFR): mar a mhol Parlaimint na hEorpa, rachaidh leagan simplithe de NSFR chun tairbhe d'institiúidí beaga neamhchasta agus an t-ualach riaracháin á laghdú orthu. Agus níos lú pointí sonraí le bailiú chun críocha ríomha agus tuairiscithe bheadh simpliú ann dá bharr, ach tá an Uachtaránacht i ndiaidh a áirithiú a bhuí le leasuithe spriocdhíoraithe ar an téacs ón bParlaimint go mbeadh sNSFR ar a laghad chomh coimeádacht agus sábháilte agus atá méadracht iomlán.

- l) Fachtóirí tacaíochta:** tá beartaithe ag an gCoimisiún ceanglas caipitil áirithe a laghdú chun tacú le hiasachtú le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le tionscadail bhonneagair trí raon feidhme na "fachtóirí tacaíochtaí" a leathnú i gcás na n-eintiteas agus na ngníomhaíochtaí sin.

Molann an Uachtaránacht go leathnófaí an fachtóir tacaíochta atá ann faoi láthair i gcás iasachtaí a thabhairt do FBManna le go gcuimseofaí méid dar luach EUR 2.5 milliún (sin méadú ón 1.5 milliún atá ann faoi láthair). I gcás maoiniú bonneagair, chuirfí le raon feidhme an fachtóra tacaíochta le go gcuimseofaí cineálacha breise tionscadal bonneagair amhail na cinn sin a bhíonn á ndéanamh ag cuibhreannas gnólachtaí. Sa dá chás, tá an Uachtaránacht tar éis an dá thogra tosaigh ó Pharlaimint na hEorpa a chuimsiú. Beidh measúnú neamh-cheangailteach de dhíth i gcomhair tionscadal den sórt sin ar iarraidh ó PE.

- m) Comhrac i gcoinne sciúradh airgid:** Molann an Uachtaránacht na leasuithe a rinne Parlaimint na hEorpa ar CRD a chur i bhfeidhm le gur féidir an comhar agus malartú faisnéise a fheabhsú idir na maoirseoirí stuamachta agus aonaid um fhaisnéis airgeadais (FIUanna) agus na húdaráis inniúla maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT). Dhéanfaí tuilleadh leasuithe chun gné AML a neartú sna huirlisí ábhartha maoirseachta maidir le húdarú, seiceálacha oiriúnacha iomchuí agus próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP).

- n) Cistí dílse:** maidir le comhdhéanamh chistí dílse na mbanc (e.g. caipiteal), chomhaontaigh an Uachtaránacht na hathruithe spriocdhírithe seo a leanas atá leagtha amach arna mholadh sin do Pharlaimint na hEorpa:

- i. **Sealúchais i bhfochuideachtaí árachais ("Comhréiteach na Danmhairge"):** soláthraítear idirthréimhse de bhrí go gcuirfí ar chumas institiúidí, ar an dóigh sin, gan cineálacha áirithe sealúchas árachais a asbhaint go dtí an 31 Nollaig 2024;
- ii. **Comhaontuithe maidir le brabús agus caillteanas a aistriú:** d'aithneofaí na comhaontuithe sin chun críocha láimhseála cistí dílse i gcás ina socraíodh iad chun críocha dlisteanacha cánach, tá an fhochuideachta lonnaithe sa Bhallstát céanna leis an máthairchuideachta agus is faoi úinéireacht 90 % ar a laghad na mháthairchuideachta í. Thairis sin, bheadh lánrogha ag an máthairchuideachta brabúis a laghdú trí chistí a leithdháileadh ar ítimí incháilithe Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) ach bheadh oibleagáid iomlán uirthi an fhochuideachta a chúiteamh go hiomlán le haghaidh caillteanais uile agus ní féidir críoch a chur leis an gconradh ach trí thréimhse fógra aon bhliain a thabhairt;
- iii. Sannfar fachtóir coinbhéartachta creidmheasa de 20 % do **Ghealltanais Luacha Íosta** (MVC);
- iv. **Ítimí indáilte breise:** leis an téacs comhaontaithe cheadófaí dáileadh ítimí atá srianta faoin dlí náisiúnta ach atá incháilithe faoi CRR/CRD;
- v. **Bogearraí:** deonaítear díolúine ó asbhaintí sócmhainní bogearraí doláimhsithe áirithe ó ítimí cistí dílse ar an gcoinníoll go ndéantar an luach sin a luacháil go stuama agus go bhfuil iniomparthacht caillteanas freisin ann i ngnóthas éagtha. Leagfar amach na meicníochtaí agus na mionsonraí den neamh-asbhaint in ÚBE RTS.

- o) Colún 2/Creat macrastuamachta:** Níor aontaigh na comhreachtóirí le cuspóir an Choimisiúin ceanglais chaipitil bhancshonracha nó Colún 2 a shrianadh go críocha micreastuamachta, mura ndéantar athchóiriú níos cuimsithí ar na forálacha macrastuamachta nó sistéamacha in CRR/CRD. Tá líon mór leasuithe déanta ag an dá chomhreachtóir, mar sin, ar an togra ón gCoimisiún chun caillteanas na solúbthachta i gColún 2 a fhrithchúiteamh chun dul i ngleic le rioscaí macrastuamachta nó sistéamacha.

Tá leasuithe na gComhreachtóirí i ndáil le Colún 2 agus le rioscaí macrastuamachta, den chuid is mó, comhleanúnach. Mar sin féin, bhí tuairimí beagáinín éagsúil óna chéile ag na Comhreachtóirí maidir leis an idirghníomhaíocht iomchuí idir creat nua micrea-amháin Cholún 2, forálacha maoláin chaipitil agus na ceanglais macrastuamachta, go háirithe maidir leis an méid solúbthachta ar cheart a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta agus mhacrastuamachta. Mar chomhréiteach, comhaontaíodh go mba cheart infhaighteacht níos lú uirlisí Cholún 2 a fhrithchúiteamh le níos mó solúbthachta chun dul i muinín uirlisí macrastuamachta arna gcur chun feidhme trí bhearta nach bhfuil iomlán comhchuibhithe i mBallstát. Thairis sin, molann an Uachtaránacht go mbeadh an creat macrastuamachta faoi réir tuarascáil chuimsitheach i dtéarmaí arna moladh ag Parlaimint na hEorpa.

- p) Athbhreithniú bunúsach ar an Leabhar Trádála:** Tá an togra ón gCoimisiún chun ceanglais nua chaipitil do ghníomhaíochtaí trádála nó díorthacha an bhainc bunaithe ar an gcaighdeán nua maidir le ceanglais chaipitil do rioscaí margaidh a tugadh isteach le Coiste Basel in Eanáir na bliana 2016. Mar sin féin, tá leagan críochnaitheach Choiste Basel fós ar feitheamh mar gheall ar neamhrialtachtaí áirithe a fuarthas laistigh den chaighdeán bunaidh agus ar roinnt oibre athchalabraithe atá ag dul ar aghaidh faoi láthair. I bhfianaise an mhéid sin, thug an Chomhairle isteach ceanglais tuairiscithe don chaighdeán nua sin agus chomhaontaigh sí leis an gCoimisiún Eorpach go mba cheart na caighdeáin chríochnaitheacha a chur chun feidhme a luaithe a gcuirfear chun críche iad ar an leibhéal idirnáisiúnta. D'fhéadfadh buanna an chur chuige sin dul i gcion ar Pharlaimint na hEorpa agus ghlac sí leis an seasamh ón gComhairle.

Ghlac an Uachtaránacht, áfach, le leasuithe áirithe spriocdhírthe maidir le ceanglais cháilíochtúla i gcomhair institiúidí a úsáideann an maolú do ghnó beag a bhaineann leis an leabhar trádála, ag cuidiú, ar an mbealach sin, leis an ualach riaracháin do na hinstitiúidí sin a laghdú.

q) IPU: bheadh sé de cheangal ar ghrúpaí móra baincéireachta neamh-Aontais a bhfuil dhá fho-institiúid nó níos mó acu san Aontas máthairchuideachta idirmheánach nó IPU a bhunú chun a gcuid gníomhaíochtaí go léir a chomhdhlúthú san Aontas agus faoin IPU sin. Is é is cuspóir leis maoirseacht ghrúpa a éascú agus inréititheacht na gcomhlachtaí a fheabhsú ina raon feidhme. Cé go raibh cur chuige an dá Chomhrechtóir ina leith sin comhchosúil ar an iomlán, chuimseofaí na príomhmhireanna seo a leanas sa téacs comhréitigh:

- i. An tairseach le socrú ag EUR 40 billiún sócmhainní an chláir comhardaithe san Aontas lena n-áirítear na sócmhainní sin atá i seilbh brainsí tríú tíre (iad a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa agus le comhlachtaí infheistíochta araon).
- ii. Ní bhaineann an ceanglas go huathoibríoch le hInstitiúidí a bhfuil Tábhacht Shistéamach Dhomhanda leo (G-SIIanna) mura mbaineann siad an tairseach amach;
- iii. Féadfar IPUanna a shocrú mar chomhlachtaí infheistíochta i gcomhréir leis an téacs ón gComhairle;
- iv. chuirfi idirthréimhse 3 bliana ar fáil;
- v. D'eiseodh ÚBE tuarascáil maidir le cóir brainsí tríú tíortha faoi dhlíthe na mBallstát i gcomhréir leis an téacs ó Pharlaimint na hEorpa.

r) Raon feidhme CRR/CRD: bheadh raon feidhme eintiteas atá díolmhaithe ó CRR agus CRD i gcomhréir leis an gcur chuige ón gComhairle, eadhon, i Leibhéal 1 agus ní trí ghníomh tarmlichte mar atá sa téacs ó Pharlaimint na hEorpa.

- s) **Cóimheas Giarála:** maidir le cóimheas giarála ceangailteach a thabhairt isteach mar cheanglas caipitil cúlstóp neamhíogair ar riosca a bheadh calabraithe ar mhéid cheangaltais na mbanc laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, d'fhéadfadh an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe seo a leanas:
- i. maidir le comhdhéanamh caipitil, níor cheart do chaighdeáin Basel bheith rórialáilte agus, dá bhrí sin, níor cheart go gcoinneofaí an téacs ón gComhairle;
 - ii. ina theannta sin, thabharfaí isteach roinnt díolúintú spriocdhírithé ón gCóimheas Giarála le haghaidh eintiteas nó samhlacha gnó áirithe (i gcomhair taisclanna lárnacha urrús a bhfuil ceadúnas baincéireachta acu, cumainn foirgníochta, neamhchosaintí an bhainc cheannais, roinnt banc forbartha ar chuid neamhspleách iad go struchtúrach agus go heagraíochtúil de scéimeanna banc tráchtála nó cosanta institiúidí - SCÍanna).
 - iii. De bhreis air sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shaincheist na "dea-chosúlachta" mar a thugtar uirthi trí ghlacadh leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa ach trína leasú go oibleagáid tuairiscithe arna gcomhlánú le bearta Chólún 2, nuair is gá.

- t) **Rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais:** Is iad critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais sraith de chaighdeáin d'oibríochtaí cuideachta a d'fhéadfaí a úsáid chun infheistíochtaí ionchasacha a scagadh ó thaobh comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Mhol Parlaimint na hEorpa go dtabharfadh ÚBE tuarascáil isteach faoi a iomchuí atá sé rioscaí airgeadais a bhaineann leis na rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a léiriú faoi na próisis bainistíochta riosca. I gcás ina mbeidh na baine neamhchosanta ar na rioscaí sin, ba cheart é sin a léiriú go leordhóthanach le córais agus próisis inmheánacha bainistíochta riosca na mbanc agus ba cheart iad a mhaoirsiú i gceart. Thairis sin, mhol Parlaimint na hEorpa ceanglais bhreise maidir le nochtadh do na rioscaí sin agus go dtabharfaí sainordú do ÚBE tuarascáil a thíolacadh ar láimhseáil stuamachta sócmhainní "glasa" agus "donna" (fachtóirí pionóis d'acmhainní lena mbaineann riosca comhshaoil). Mholfadh an Uachtaránacht go ndéanfaidh an Chomhairle na leasuithe sin a ionchorprú sa téacs comhréitigh. Ba cheart an tuarascáil ó ÚBE, go háirithe, a sheachadadh laistigh de thréimhse ama fada go leor chun freastal ar fhorbairtí reachtacha i ndáil le hairgeadas iomchuí.

III. SAINCHEISTEANNA EILE AR THÁNGTHAS AR CHOMHAONTÚ INA LEITH CHEANA FÉIN

9. Gan dochar don phrionsabal nach bhfuil rud ar bith aontaithe go mbeidh gach uile rud aontaithe, chomhaontaigh an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa freisin *ad referendum* roinnt saincheisteanna eile a shocrú, mar a leanas:

- a) **Asbhaintí TLAC do O-SIIanna:** cuirfear tuarascáil ó ÚBE chun measúnú a dhéanamh le fíorú an bhfuil na hasbhaintí sin inghlactha isteach sa téacs dlíthiúil.

- b) **Ráta Úis sa Leabhar Baincéireachta:** comhaontaíodh an mhodheolaíocht shimplithe a moladh sa téacs ó Pharlaimint na hEorpa a choimeád, ach go ndéanfaí mionchoigeartú uirthi lena áirithiú go mbeidh an cur chuige "calabraithe go coimeádach" i gcónaí gan aon laghdú ar cheanglais chaipitil a cheadú, go ndéanfar critéir agus solúbthacht bhreise do mhaoirseoirí a chur chun feidhme maidir le raon feidhme banc atá incháilithe chun na modhanna níos simplí a úsáid agus gur féidir leis an dá chomhrechtóir teacht ar chomhaontú maidir le tairseach atá inghlactha go frithpháirteach, agus coincheapa na comhréireachta (e.g. i réimse an nochta) á gcur san áireamh in áiteanna eile sa chreat.
- c) **Riosca Creidmheasa an Chontrapháirtí:** chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa an téacs ón gComhairle.
- d) **Comhaontuithe idirthréimhseacha do na Tithe Imréitigh Láir:** comhaontaíodh an téacs ón gComhairle.
- e) **Giaráil:** maidir leis an bhformhuirear cóimheasa gearála d'institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht sistéamach leo (G-SIIanna), comhaontaíonn an dá Chomhrechtóir maidir le caighdeán Basel a chur chun feidhme i ndáil le forlíontán maoláin gearála a thabhairt isteach. I dtaca le hinstiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIIanna), comhaontaíodh sainordú a thabhairt do COM tuarascáil a eisiúint maidir lena iomchuí a bheadh sé iad a chur faoi réir ceanglais maoláin cóimheasa gearála chomhchosúla. Cosúil leis sin, i ndáil le srianta ar an uasmhéid indáilte (MDA) chun críocha gearála, comhaontaíodh an téacs ón gComhairle lena n-áirítear na hiarmhairtí a bheadh ar shárú an chóimheasa gearála.

f) Neamhchosaintí móra: ghlac Parlaimint na hEorpa leis an gcur chuige ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

- i. ráthaíochtaí do chreidmheas onnmhairiúcháin;
- ii. lánrogha náisiúnta chun luachanna neamhchosanta maoine dochorraithe a laghdú;
- iii. cur chuige ionadaíochta d'idirbhearta athcheannaigh.

Chomhaontaigh an Chomhairle leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na díolúintí ó theorainneacha neamhchosaintí móra le haghaidh córais shocraíochta a bhfuil bonneagar socraíochta comhchoiteann acu.

IV. SAINCHEISTEANNA GAN RÉITEACH

10. Tá roinnt saincheisteanna gan réiteach fós ann, go háirithe, luach saothair, ráthaíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe chuig gnóthais chomhinfheistíochta, scáthbhaincéireacht nó airgeadas margadhbhunaithe a láimhseáil, nár tugadh aghaidh orthu.

11. Thairis sin, ní foláir athbhreithniú teicniúil agus dlí a dhéanamh ar an téacs go fóill chun go mbeadh an téacs dlí iomlán críochnaithe agus fóna ar an leibhéal oibríochtúil.

V. CONCLÚID

12. I bhfianaise an mhéid thuas, tá Coreper ag iarraidh ar an gComhairle torthaí na gcrúinnithe tríthaobhacha a fhormhuiniú maidir le príomh-shaincheisteanna an Phacáiste Baincéireachta agus maidir leis na saincheisteanna eile, mar a leagtar amach i roinn II agus i roinn III thuas.